NUACHTLITIR

Deireadh Fómhair 2011

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com

Le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Ag seoladh an leabhair *Eachtra an Ghobáin Saoir*, dráma le Risteard de Hindeberg, in eagar ag Seán Ó Morónaigh, i gColáiste na Rinne, Na Déise, bhí: (ar chúl, ó chlé) – Seán Ó Morónaigh, stiúrthóir an Chomhlachais; Pádraig Seosamh Ó Mathúna, Liam Ó Riain agus Pádraig Mac Craith, Aisteoirí an tSean-Phobail agus Liam Suipéil, Bainisteoir Choláiste na Rinne.
Chun tosaigh – Áine Uí Chuill, Rúnaí an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta; Nicola Ní Choistín agus Pádaigín Ní Chadhla, Aisteoirí an tSean-Phobail, agus An Dr. Aoibheann Nic Dhonnchadha, Scoil an Léinn Cheiltigh, a sheol an leabhar.

Drámaí ag Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge

I gcomhar leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta, léiríodh na drámaí *Faoiseamh* le John B. Keane ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua agus *Oileán na Sclábhaithe* le Pierre Marivaux ag Aisteoirí Bulfin, Baile Átha Cliath ag Tionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge i mí Iúil.

Sinéad Ní Uallacháin agus Gearóid Ó Mórdha a bhí páirteach sa taispeántas *Naomh Pádraig agus Naomh Bríd* ag an bhféile 'Electric Pinic' tamall gearr ó shin.

Aisteoirí an Aonaigh a ghlac páirt sa taispeántas *An Bunnán Buí* ag an éigse deireadh seachtaine "Dúchas" san Aonach, Co.Thiobraid Árann. ó chlé: Caoimhe Geaney, Proinsias Mac Craith, Máire Uí Chraith agus Máire Uí Chiarragáin.

Clúdach:
I gCamas, Conamara: oifig an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta ina bhfuil leabharlann, Cartlann agus Ionad Cleachtadh agus Taispeántais Drámaíochta.

Éigse an Fhómhair

An Chistin

18 Sr. Thomáis, Luimneach

Agallaimh • Lúibíní • Drámaí
Ceol • Amhráin

ó Chonamara, Chúil Aodha, Chorca Dhuibhne

Aoine 21 Deireadh Fómhair 2011 8.30 p.m.

Jacinta Ní Chonghaile agus Sinéad Ní Uallacháin i radharc as an dráma *Bidín* le Pádraig Standún le linn ceardlann léiritheoireachta i nGaillimh.

Seosamh Mac Donnacha, An Cheathrú Rua agus Éamonn Ó Súilleabháin, Corr na Móna ag gabháil do *Lúibín Ros Dubhach* ag ócáid cheiliúrtha do Mhicheál Ó Seighin i Luimneach le déanaí.

Páirteach sa cheardlann léiritheoireachta a d'eagraigh an Comhlachas i nGaillimh le déanaí – á stiúradh ag Seán Ó Morónaigh agus Muiris Ó Súilleabháin.
Ar chúl (ó chlé): Barry Ó Catháin, Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua; Ciara de Barra, Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire; Gráinne Nic Fhirléinn, Aisteoirí Bulfin, Áth Cliath; Micheál Ó Tuairisg, Aisteoirí Chorr na Móna; Proinsias Ó Cuilinn, Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh, Tír Chonaill; Helena Nic Giolla Eoin, Aisteoirí Charn Tóchair; Muiris Ó Súilleabháin agus Majellla Uí Ghallchóir, Aisteoirí Acla.
Chun tosaigh ó chlé: Áine Ní Fhearraigh, Aisteoirí Acla; Sinéad Ní Uallacháin, Aisteoirí Bulfin; Jacinta Ní Chonghaile agus Máirín Uí Chonghaile, Aisteoirí Chorr na Móna; Marion Nic Chionnaith, Aisteoirí Charn Tóchair agus Aoileann Ní Chonchubhair, Aisteoirí Bulfin.

Myles na gCapaillín á chomóradh ag Aisteoirí Bhréanainn

Magadh fé Mhagadh – Aoir ar Aoir
Leis an gCnáimhseánaí Canránach
Do mo chara Miles Na Léan .i. An Copailín

D'éirigh go breá leis an léiriú seo a dhein Aisteoirí Bhréanainn in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin le déanaí. Beidh an dráma á léiriú in ionaid eile sara fada.
Aisteoirí: Bríd Criomhthain, Noelí Ó Maoileoin, Gwendolin Lieb, Andy Ó Néill, Páidí Mhárthain Mac Gearailt, Colm Ó Bric, Máire Ní Mhaoileoin, Dáithí de Mórdha, Míchéal Ó Coileáin, Malacaí Mac Amhlaoibh, Fionnán Ó hÓgáin, Conal Ó Dúgáin, Éibhín Ní Shlatara,
Liam Ó hÓgáin, Eoin Ó Súilleabháin,Tríona Ní Shúilleabháin, Máire Uí Bheaglaioch, Lís Ní Dhálaigh.
Criú Stáitse: Boscó Ó Conchúir, Donncha Ó Conchúir, Máirín Ní Bhroinn, Dómhnal Ó Bric,
Léiritheoir: An tAth. Tomás Ó hÍcí.

Féile na nDúnaibh do Scéaldrámaí agus Drámaí Gearra

An deireadh seachtaine 24, 25 Samhain

Páirteach sa bhféile seo beidh – *An Fear a Bhuail Bob Ar an Bhás* á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire; *Dúthaigh Sheoigheach,* scéaldráma á léiriú ag Aisteoirí Chorr na Móna; *Mangairí,* dráma le Murray Shisgal á léiriú ag Buíon Phádraig, Luimneach; *Sínte,* dráma le Micheál Ó Tuairisg á léiriú ag Aisteoirí Rann na Feirste, Tír Chonaill agus *Droch-Snaoisín,* scéaldráma le Proinsias Ó Cuilinn á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh.

▲ Buíon Phádraig, Luimneach, a léirigh an dráma *Mangairí* le Murray Shisgal i Luimneach agus san Aonach, Tiobraid Árann le déanaí. Beidh siad ar stáitse freisin ag Féile na nDúnaibh.
ó chlé: Sinéad Ní Chonchúir, Mairéad Ní Bhroin agus Áine Ní Fhlaithearta.

Páirteach sa scéaldráma *Dúthaigh Sheoigheach*, Pádraig Ó Coirbín, Pádraig Ó Caomhánaigh Máirín Uí Chongaile, Jacinta Ní Chonghaile, Micheál Ó Tuairisg, Tomás Ó Maolruaidh agus Éamonn Ó Suilleabháin.